

Ag Obair ar Scáth a Chéile



PLEAN CORPARÁIDEACH

DO

CHOMHAIRLE CONTAE MHAIGH EO

DON

TRÉIMHSE 2010 GO 2014

CLÁR

Comhráiteas ón gCathaoirleach agus ó Bhainisteoir Contae Mhaigh Eo	Leathanach 3
Príomhghníomhaíochtaí Chomhairle Contae Mhaigh Eo	Leathanach 5
Ráiteas Misin	Leathanach 7
Ár Spriocanna Straitéiseacha	Leathanach 8
Cumas Inmheánach agus Acmhainní	Leathanach 15
Feidhmiú agus Monatóireacht	Leathanach 15
<u>Aguisíní</u>	
Comhshaol Seachtrach agus Inmheánach	Leathanach 18
Comhaltaí Chomhairle Contae Mhaigh Eo	Leathanach 19
Struchtúr na hEagraíochta	Leathanach 22
Struchtúr na Foirne	Leathanach 23
Liosta na bPleananna Reatha Oibríochta	Leathanach 24

COMHRÁITEAS ÓN gCATHAOIRLEACH AGUS Ó BHAINISTEOIR CONTAE MHAIGH EO

Tá na Toghcháin Áitiúla curtha i gcríoch sna 6 thoghcheantar áitiúla i gComhairle Contae Mhaigh Eo agus bunaíodh Comhairle nua i gContae Mhaigh Eo mar thoradh air. Mar sin chomh maith le bheith ina cheanglas reachtúil faoin Acht Rialtais Áitiúil 2001, tá sé tráthúil freisin ár bPlean Corparáideach a fhoilsiú anois don tréimhse cúig bliana ó 2010 go 2014. Léiríonn sé comhfhís a cruthaíodh do Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus dul chun cinn chuig Contae a bheidh níos úire agus níos láidre trí obair ar scáth a chéile. Seasann an cháipéis seo dár gcomhfhís do Chontae Mhaigh Eo as seo go ceann cúig bliana agus ina dhiaidh sin.

Táimid bródúil as na héachtaí go léir a bhain ár gComhairle amach le linn na saolré de “Ag Treorú an bealach chun Tosaí 2005-2009”. Is fearr go mór Contae Mhaigh Eo anois ná mar a bhí sé os cionn cúig bliana ó shin nuair a ghlac an Chomhairle an Plean Corparáideach deireanach.

Is iomaí saíocht a baineadh amach lena n-áirítear éachtaí sna réimsí cuimsitheachta agus sna rochtana uilíche agus i dtacú le tionscnaimh a chabhraíonn le daoine dul i ngleic lena míchumas. Is iomaí uair a thug ár gcomhaltaí tofa agus ár bhfostaithe tacaíocht thar na bearta dóibh siúd atá faoi mhíchumas agus iad ag déanamh a seacht ndícheall do dhaoine faoi mhíchumas le cúig bliana anuas. Nuair a bhí gá leis, sheas siad in airde, tugadh suntas dóibh agus thóg leo dámhachtainí náisiúnta ar ais chuig ár gContae chun caighdeán arda a leagan síos d’fhorbairtí amach anseo inár gContae.

Chuireamar clár caipitil substainteach ar bun go háirithe sna réimsí uisce, séarachas, bóithre agus tithíocht. Táimid ag súil go mór leis an tairbhe a bheidh le baint as píblíne Ghás na Coiribe sa Chontae.

Tá go leor eile le baint amach, áfach, ag an gComhairle nuatofa agus ag na Comhairlí amach anseo. Chuir Comhairlí roimhe seo síos an chloch choirnéil chun Maigh Eo mór a chur i gcrích. Is é an dúshlán atá roimh an gComhairle nuathofa ná cur leis an rath a bhain siad amach agus an chomhfhís a bhaineann le Chontae Mhaigh Eo a chur ar fáil a luaithe agus is féidir trí obair ar scáth a chéile. D’fhéadfadh na páirtithe leasmhara uile comhoibriú chun é seo a dhéanamh le spiorad athnuachana agus leanúint le feabhas a chur ar cháilíocht na beatha faoi mar atá leagtha amach inár Ráiteas Misin.

Táimid meáite ar leanúint ag freastal ar ár gContae chomh maith agus is féidir linn i rith na saolré den Chomhairle nua seo. Leanfaidh Comhairle Contae Mhaigh Eo leis an ról lárnach i seirbhísí rialtais áitiúla a chur ar fáil laistigh de

thoghcheantair áitiúla chomh gar do na daoine áitiúla agus is féidir agus leanfar le seirbhís do chustaiméirí áitiúla a chur ar fáil atá comhtháite agus comhaontaithe leis na hacmhainní atá ar fáil dúinn. Aithnímid an gá atá le rannpháirteachas an phobail áitiúil agus táimid meáite ar an ról a bhaineann le Comhairleoir atá tofa go daonlathach a thacú agus a fheabhsú. Tugaimid gealltanais freisin go mbeidh na comhaltaí tofa ar an eolas agus ag éisteacht le riachtanais an phobail áitiúil agus na hearnála deonaí. Leanfaimid ag úsáid an Grúpa um Beartas Corparáideach agus na Coistí um Beartas Straitéiseach, coistí ceantair áitiúla agus coistí eile chun tacú leis an gComhairle beartais nua agus nuálaíochta a chur ar bun chun ár misean corparáideach agus ár spriocanna a chur i gcrích. Leanfaimid ag cur ceannaireacht ar fáil ar gach leibhéal agus déanfaimid ár ndícheall na caighdeáin mhaireachtála a chothabháil agus a fheabhsú do mhuintir an Chontae lena n-áirítear tacú le forbairt fiontraíochta agus eacnamaíochta agus iad a spreagadh sa Chontae mar aon le deiseanna fostaíochta nuair is féidir.

Ar deireadh, ba mhaith linn an deis seo a thapú buíochas a ghlacadh lenár gcomhaltaí tofa go léir, leis na fostaithe agus na páirtithe leasmhara go léir as a dtacaíocht, a ndíograis, a ngealltanais agus a gceannaireacht. Bainfimid amach ár misean corparáideach agus ár spriocanna straitéiseacha má chomhoibrímid ar scáth a chéile le spiorad athnuachana as seo go ceann cúig bliana chun cáilíocht na beatha, agus sin ag teacht le rochtain uilíoch agus cuimsitheacht, a bhaint amach do mhuintir Mhaigh Eo uile agus dóibh siúd a thagann ar cuairt chugainn.

Tagaimis ar aghaidh le chéile le spiorad comhoibrithe, athnuachana agus dea-thola as seo go ceann cúig bliana agus ina dhiaidh sin.



**John Cribbin, Uasal,
Cathaoirleach**



**Joe Beirne, Uasal,
Bainisteoir Contae Mhaigh Eo**

PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ CHOMHAIRLE CONTAE MHAIGH EO

Cuireann Rialtas Áitiúil in Éirinn fóram ar fáil chun ionadaíocht a dhéanamh go daonlathach do phobail áitiúla, cuirtear spéiseanna an phobail chun cinn agus cuirtear seirbhísí tábhachtacha ar fáil cosúil le tithíocht, bóithre, uisce, séarachas agus pleanáil.

Tá dhá chuid in Údaráis Áitiúla Mhaigh Eo – na Comhaltaí Tofa agus an Feidhmeannach (An Bhainistíocht agus an Fhoireann). Toghadh 31 Comhalta chuig Comhairle Contae Mhaigh Eo agus 9 gComhalta chuig gach ceann de na Comhairlí Baile, eadhon Béal an Átha, Caisleán an Bharraigh agus Cathair na Mart i Meitheamh 2009. Tá feidhmeanna forchoiméadta ag na baill, chun polaisaithe a chur i bhfeidhm lena n-áirítear:

- Plean Corparáideach a Cheadú
- Buiséad Bliantúil na Comhairle a Ghlacadh
- Plean Forbartha faoi Reachtaíocht Pleanála a Dhéanamh
- Scéim Tosaíochta Ligin a Ghlacadh chun Tithíocht Údaráis Áitiúil a Leithdháileadh

Déantar an Bainisteoir Contae a cheapadh ina phost tar éis don Choimisiún um Cheapacháin Phoiblí comórtas oscailte a réachtáil. Is é an Bainisteoir a dhéanann na **FEIDHMEANNA FEIDHMIÚCHÁIN** trí Ordú Bainisteora. Baineann na feidhmeanna seo le riarachán ó lá go lá lena n-áirítear:

- Tithe a Ligean
- Cinntí Pleanála
- Acmhainní Daonna a Bhainistiú

I gcleachtas bíonn go leor comhairlithe ar siúl chun na feidhmeanna forchoimeádta agus feidhmiúcháin a dhéanamh.

Leagtar amach feidhmeanna Údaráis Áitiúla Mhaigh Eo sa bhuiséad bliantúil agus seo a leanas achoimre orthu:

- Tithíocht & Foirgníocht
- Córas Iompair Bóithre & Sábháilteacht
- Soláthar Uisce & Séarachas
- Dreasachtaí Forbartha & Rialúchán
- Cosaint an Chomhshaoil
- Áineas & Conláistí

- Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas
- Seirbhísí Ilchineálacha

Is féidir caiteachas Údaráis Áitiúla Mhaigh Eo a rangú faoin dá cheanteideal seo:

Caiteachas Ioncaim – caiteachas ó lá go lá chun seirbhísí a sholáthar. Is iad na príomhfhoinsí maoiné don chaiteachas seo ná:

- Deontais agus Fóirdheontais an Rialtais
- Rátaí Tráchtála
- Táillí agus Muirir ar Sheirbhísí

2. **Caiteachas Caipitiúil** – caiteachas ar chruthú sócmhainne, e.g. tithe a thógáil, scéimeanna uisce agus séarachais agus móroibreacha bóithre. Is iad na príomhfhoinsí maoiné don chaiteachas seo ná:

- Deontais Chaipitil ó Rialtas Láir
- Iasachtaí
- Fáltais Chaipitil Eile

Déanfaidh an plean corparáideach seo na príomhspríocanna agus tosaíochtaí agus straitéiseacha a mheas a bhaineann leis na spríocanna seo ag tabhairt aird chuí ar shainordú agus timpeallacht feidhmiúcháin na Comhairle.

RÁITEAS MISIN

*“Is é ár misean cáilíocht na
beatha a fheabhsú do mhuintir
Mhaigh Eo agus tarraingteacht
an Chontae mar áit chónaithe,
oibre, taitnimh agus
infheistíochta a fheabhsú.*

ÁR SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA

Cuirfimid ár misean i bhfeidhm agus an tseirbhís custaiméara is fearr ar féidir a bheith ann ar fáil agus sin ag teacht le luach ar airgead, cuimsitheacht agus rochtain uilíoch laistigh de na hacmhainní atá ar fáil dúinn. Coinneoimid leis na seacht sprioc straitéiseacha seo a leanas chun sin a bhaint amach.

- 1. Príomhionad fuinnimh sa Tír agus easpórtálaí glan fuinnimh a dhéanamh de Mhaigh Eo roimh 2020 ina bhfuil 32% de ag teacht as foinsí in-athnuaite fuinnimh.**
- 2. Na buntáistí a bhaineann le cultúr agus oidhreacht an Chontae a uasmhéadú trí fhorbairt a chur chun cinn sa leabharlann, sna healaíona agus sna hionaid chartlainne ar fud an Chontae.**
- 3. Forbairt inbhuanaithe an Chontae a chinntiú trí chosc a chur ar thruailliú uisce, dramhaíola, aeir agus torainn trí fheasacht phoiblí, oideachas agus monatóireacht a dhéanamh ar reachtaíocht comhshaoil agus í a chur i bhfeidhm.**
- 4. Seirbhísí uisce, ar an gcaighdeán is fearr, a chur ar fáil do mhuintir Mhaigh Eo tríd an tseirbhís seachadta a fheabhsú go leanúnach.**
- 5. Infreastruchtúr ar Bhóithre, iarnróid, iompar aeir agus farraige a fheabhsú i gContae Mhaigh Eo.**
- 6. A chinntiú go mbeidh gach teaghlach i Maigh Eo ina chónaí in áit atá ar caighdeán maith, i dtimpeallacht inghlactha agus ar phraghas nó cíós inacmhainne.**
- 7. Cruthaitheacht, ceannaireacht agus nuálaíocht a spreagadh, agus cultúr atá bunaithe ar luachanna a chur chun cinn.**
- 8. Ról ceannasaíochta a ghlacadh chun rannpháirteachas an phobail a chur chun cinn agus chun dul i ngleic le heisiamh sóisialta.**

Bainfear amach na spriocanna seo ag féachaint do na ndeiseanna agus na srianta sa timpeallacht oibrithe sheachtrach agus inmheánach mar aon leis an gcód eitice ina n-oibrímid.

Chomh maith le hardleibhéil seirbhís custaiméara a chothabháil, beidh sé de dhualgas ar gach comhalta tofa agus fostaí seasamh leis an gcód iompair iomchuí

agus cloígh le riachtanais na creatlaí eitice atá i gCuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil 2001.

Tá na spriocanna tacaíochta le haghaidh na seacht sprioc straitéiseacha thuasluaite ar fáil sna leathanaigh seo a leanas.

Sprioc Straitéiseach 1

Príomhionad fuinnimh sa Tír agus easpórtálaí glan fuinnimh a dhéanamh de Mhaigh Eo roimh 2020 ina bhfuil 32% den fhuinneamh ag teacht as foinsí in-athnuaite fuinnimh.

Spriocanna Tacaíochta

- 1.1 Straitéis fuinnimh a fhorbairt do Mhaigh Eo ina bhfuil straitéis fuinnimh in-athnuaite san áireamh mar thosaíocht a leagfaidh amach ár bpríomhbheartas straitéiseach do 2020 agus ina dhiaidh sin chun tacaíocht Rialtais náisiúnta a fháil, agus más cuí tacaíocht an Aontais Eorpaigh, agus maoiniú chun na príomhthosaíochtaí a bhaint amach idir 2010 agus 2014, agus sin ag teacht le forbairt inbhuanaithe ar acmhainní fuinnimh nádúrtha an Chontae.
- 1.2 Ionad infreastruchtúir ar fhuinneamh fuaimne láidir a chur ar fáil, a éascú agus a spreagadh ar fud Chontae Mhaigh Eo a chuirfidh feabhas ar iomaíochas eacnamaíoch Chontae Mhaigh Eo, agus go háirithe chun deiseanna a chur ar fáil maidir le tionscal agus gnó chun infheistiú in eacnamaíocht ísealcharbóin sa Chontae agus é a sholáthar go héifeachtach.
- 1.3 Stáisiúin chumhachta a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh sa Chontae lena n-áirítear stáisiún cumhachta gáis agus stáisiún cumhachta dóite adhmaid i dTuaisceart Mhaigh Eo.
- 1.4 Conairí fuinnimh sa Chontae a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh lena n-áirítear líonra tarchurtha leictreachais 440kv.
- 1.5 Tús áite a thabhairt dár talamhúsáid maidir le hacmhainní fuinnimh in-athnuaite lena n-áirítear gaoth, tonn, bithmhais agus grian.
- 1.6 Riachtanais an Chontae maidir le fás agus forbairt fuinnimh a lorg ar gach leibhéal ar bhealach inbhuanaithe agus a chinntiú go mbainfear buntáistí maidir le fás agus rath eacnamaíoch amach ar fud an Chontae.

Sprioc Straitéiseach 2

Na buntáistí a bhaineann le cultúr agus oidhreacht an Chontae a uasmhéadú trí fhorbairt a chur chun cinn sa leabharlann, sna healaíona agus sna hionaid chartlainne ar fud an Chontae.

Spriocanna Tacaíochta

- 2.1 Gach plean oibríochtúil a athnuachan agus a nuashonrú lena n-áirítear an Plean Oidhreachta, Plean Ealaíon Straitéiseach agus Plean Forbartha Leabharlainne.
- 2.2 Leanúint lenár seirbhís Leabharlainne agus Ealaíon a fheabhsú, a leathnú agus a chur chun cinn chun riachtanais chultúrtha, oideachasúla, oidhreachta agus caithimh aimsire sa Chontae a bhaint amach.
- 2.3 Seirbhís Iarsmalainne an Chontae a fhorbairt agus a chur chun cinn.
- 2.4 Leabharlann agus cartlann Jackie Clarke a oscailt don phobal i gcoitinne agus ionad oideachasúil agus cultúrtha a dhéanamh den leabharlann agus cartlann seo ina bhfuil tábhacht idirnáisiúnta trí a bhfuil ann a thaispeáin ar an gcaighdeán is airde go hidirnáisiúnta.
- 2.5 Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn a chinnteoidh go dtiocfaidh ár dteanga dúchais slán.

Sprioc Straitéiseach 3

Forbairt inbhuanaithe an Chontae a chinntiú trí chosc a chur ar thruailliú uisce, dramhaíola, aeir agus torainn trí fheasacht phoiblí, oideachas agus monatóireacht a dhéanamh ar reachtaíocht comhshaoil agus í a chur i bhfeidhm.

Spriocanna Tacaíochta

- 3.1 Plean Bainistíochta Abhantrach an Iarthair a chur i bhfeidhm.
- 3.2 Plean Dramhaíola Chonnachta agus Plean Bainistíochta Bruscair na Comhairle a chur i bhfeidhm.
- 3.3 Ár reiligí a fhorbairt agus a chothabháil.

- 3.4 Oideachas agus feacht an phobail a chur ar fáil trí scoileanna, coistí na mbailte slachtmhara, grúpaí pobail, cláir ar leith ar cheisteanna timpeallachta agus comhoibriú trí thionscnaimh comhpháirtíochta leis na grúpaí seo.
- 3.5 Láithreáin Thréigthe a dhíbirt.

Spríoc Straitéiseach 4

Seirbhísí uisce, ar an gcaighdeán is fearr, a chur ar fáil do mhuintir Mhaigh Eo tríd an tseirbhís seachadta a fheabhsú go leanúnach.

Spríocanna Tacaíochta

- 4.1 Leanúint le hinfheistiú inár infreastruchtúr do sheirbhísí uisce trí Chlár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce 2010 – 2012 a chur i bhfeidhm.
- 4.2 Comhlíonadh a bhaint amach leis na rialacháin iomchuí Náisiúnta agus Eorpacha uisce & uisce fuíll maidir le forfheidhmiú Plean Uisce Iargúlta Straitéiseach Chontae Mhaigh Eo.
- 4.3 Infheistíocht dhíreach eachtrach a éascú trí uasghrádú straitéiseach a dhéanamh ar ár dtoilleadh seirbhísí uisce inár molbhailte agus príomhbhailte eile trí Chlár na Scéimeanna Beaga a chur i bhfeidhm.

Spríoc Straitéiseach 5

Infreastruchtúr ar Bhóithre, iarnróid, iompar aeir agus farraige a fheabhsú i gContae Mhaigh Eo.

Spríocanna Tacaíochta

- 5.1 Céanna agus calafoirt a fheabhsú i gContae Mhaigh Eo.
- 5.2 Leanúint le clár feabhsúcháin na bpríomhbhóithre i gcomhar le hÚdarás um Bóithre Náisiúnta; soilsiú poiblí agus córas soilsiú ar bhealaí tráchta a uasghrádú.
- 5.3 Leanúint le hinfheistiú i gcothabháil agus uasghrádú ár líonra bóithre réigiúnacha agus áitiúla.

- 5.4 Codanna straitéiseacha a fheabhsú ar ár mbóithre áitiúla chun freastal ar uisceshaothrú, turasóireacht agus talmhaíocht.
- 5.5 Forbairt ar chórais iompair iarnróid agus bus a chur chun cinn agus córas aerthaistil a fheabhsú go háirithe trí thacaíocht leanúnach a thabhairt d' Aerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire.
- 5.6 Beartais chóras iompair inbhuanaithe a chur i bhfeidhm de réir beartas Rialtais Náisiúnta ar Thaisteal níos Cliste dar teideal "*Taisteal níos Cliste – Todhchaí níos inbhuanaithe*".
- 5.6 Infheistíocht i gcosaint ar thuilte a uasmhéadú;
- 5.7 Obair i gcomhar leis na háisíneachtaí cuí chun bearta éifeachtacha a chur ar fáil maidir le faoiseamh ó thuilte i gcás tuile nó tubaistí nádúrtha eile.

Spríoc Straitéiseach 6

A chinntiú go mbeidh gach teaghlach i Maigh Eo ina chónaí in áit atá ar caighdeán maith, i dtimpeallacht inghlactha agus ar phraghas nó cíós inacmhainne.

Spríocanna Tacaíochta

- 6.1 Cuir le forbairt ar phobail chomhtháite, inbhuanaithe ar fud Chontae Mhaigh Eo.
- 6.2 Réimse feiliúnach de roghanna lóistín agus seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do mhuintir Mhaigh Eo.
- 6.3 Plean ar Sheirbhísí Tithíochta a fhorbairt agus a chur ar fáil chun dul i ngleic le riachtanais na bPobal ar fad inár gContae.
- 6.4 Ár soláthar tithe a bhainistiú agus a chothabháil go dtí an caighdeán is airde ar féidir a fháil.
- 6.5 Riachtanais tithíocht speisialta a chur ar fáil trí thithíocht aonair agus scéimeanna tithíochta beaga a thógáil i mbailte agus i sráidbhailte Mhaigh Eo.
- 6.6 Clár feiliúnach a fhorbairt agus a chur ar fáil do sheirbhísí lóistín do mhionphobail inár gContae.

Sprioc Straitéiseach 7

Cruthaitheacht, ceannaireacht agus nuálaíocht a spreagadh, agus cultúr atá bunaithe ar luachanna a chur chun cinn.

Spriocanna Tacaíochta

- 7.1 Obair le hionadaithe ó ghrúpaí faoi mhíchumas chun Maigh Eo a bheith mar an t-ionad is mó rochtain san Eoraip.
- 7.2 Oiliúint ar fheasacht maidir le rochtain uilíoch a chur ar fáil do na geallsealbhóirí go léir.
- 7.3 R-sheirbhísí an rialtais a chur chun cinn trínár seirbhísí a chur ar fáil go leictreonach lena n-áirítear áiseanna féinseirbhíse leictreonacha a chur ar fáil chun freastal ar ár gcustaiméirí ar bhonn 24 uair a chloig, 7 lá na seachtaine, 365 lá sa bhliain.
- 7.4 Plean Forbartha agus Oiliúna a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm.
- 7.5 Na deiseanna a chuirtear ar fáil in Ionad Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh agus in Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe – Maigh Eo a uasmhéadú.
- 7.6 Tús a chur le bearta oiliúna feiliúnacha i gcur chun cinn cruthúnas smaointe nua agus tionscnaimh chun tacú le misean agus spriocanna straitéiseacha na Comhairle.
- 7.7 Seirbhísí éigeandála a chur ar fáil lena n-áirítear Seirbhísí Dóiteáin agus Cosaint Shibhialta mar chuid de Chreatlach Bainistíochta Móréigeandála Náisiúnta agus i gcomhlíonadh riachtanais reachtaíochta agus rialaithe.

Sprioc Straitéiseach 8

Ról ceannasaíochta a ghlacadh chun rannpháirteachas an phobail a chur chun cinn agus chun dul i ngleic le heisiamh sóisialta.

Spriocanna Tacaíochta

- 8.1 Leanúint leis an obair sna ranna uile sa Chontae a chomhordú le sainchúram cuimsithe sóisialta trí struchtúir Bhord Forbartha Contae.

- 8.2 A chinntiú go bhfuil pleananna agus beartais an Údaráis Áitiúil ar aon dul leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta.
- 8.3 Caidrimh níos nuáí agus níos láidre a chothabháil idir eagraíochtaí sa phobal agus struchtúir ionadaíochta i Maigh Eo.
- 8.4 Saorántacht ghníomhach agus rannpháirteachas nuálaíoch a chur chun cinn.

CUMAS INMHEÁNACH AGUS ACMHAINNÍ

Beidh na Spriocanna Corparáideacha atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach mar bhuntreoir do bhúiséid bhliantúla Chomhairle Contae Mhaigh Eo do thréimhse an Phlean Chorparáidigh. Tabharfar tosaíocht dóibh i dtuarascálacha an bhuiséid bhliantúil chun a chinntiú go ndéanfar ár bhfís agus ár spriocanna a réadú laistigh dár acmhainní atá ar fáil.

Cuirfidh an nuacheapachán d'Oifigeach Soláthair agus mórbhuntaistí an Chórais Bhainistíochta Airgeadais go mór le coigilteas, éifeachtacht agus éifeachtúlacht a dhaingniú i gComhairle Contae Mhaigh Eo.

FEIDHMIÚ AGUS MONATÓIREACHT

Ullmhaíodh an Plean Corparáideach seo don bhliain 2010 go 2014. Déanfar dul chun cinn ar an bPlean Corparáideach a phrofú in aghaidh *Le Chéile le Neart*, an Straitéis Inmheánach 10 mBliana maidir le Forbairt Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúrtha Bhord Forbartha Contae Mhaigh Eo. Tarlóidh sé seo trí athbhreithniú rialta.

Ullmhóidh ranna éagsúla sa Chomhairle pleananna oibríochta go bliantúil agus athbhreithneofar iad agus déanfar iad a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá le linn shaolré an Phlean Chorparáidigh seo. Déanfaidh na pleananna oibríochta seo na spriocanna straitéiseacha agus na spriocanna tacaíochta atá leagtha amach sa Phlean seo a chur ar fáil ar bhealach inmheasta. Féach líosta na bpleananna reatha oibríochta atá leagtha amach in Aguisín V.

Déanfaidh an Bainisteoir Contae tuarascáil bhliantúil faoi dhul chun cinn a ullmhú de réir na gceanglas in Acht Rialtais Áitiúil 2001. Cuirfear an tuarascáil seo faoi bhráid ag an am céanna leis an dréachtbhuiséad nó am ar bith eile a chinnfidh an Chomhairle tofa le rún. Coinneofar taifead ar shonraí den tuarascáil bhliantúil faoi dhul chun cinn sa Tuarascáil Bhliantúil.

Oibreoidimid le chéile i gcomhar le Gníomhaireachtaí eile inár gContae agus daingneoidimid go réamhghníomhach an misean agus na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach seo.

Leanfaimid ag cur rochtain uilíoch chun cinn inár seirbhísí uile agus inár ngníomhaíochtaí uile agus leanfaimid lenár ngealltanas streachailt chun an leibhéal is fearr a chur ar fáil de sheirbhís do chustaiméirí leis na hacmhainní atá ar fáil dúinn. Déanfaimid cumarsáid lenár bpáirtithe leasmhara uile chun go mbeidh baint agus páirt acu inár bpróisis. Leanfaimid ag tabhairt aitheantas don

fhíorthábhacht a bhaineann le sainordú daonlathach ár gComhairleoirí tofa agus a ról feabhsaithe mar ionadaithe sna pobail áitiúla. Tuigimid freisin go bhfuil gá leis an síordhúlseacht, gealltanús agus díograis a bhaineann lenár bhfostaithe a oibríonn leis na páirtithe leasmhara chun ár miseán agus ár spriocanna a dhaingniú faoi mar atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach seo.

AGUISÍNÍ

AGUISÍN I

COMHSHAOL SEACHTRACH

- An Geilleagar Domhanda
- An geilleagar Áitiúil agus easpa deiseanna Fostaíochta
- Beartais, Reachtaíocht, Treoracha agus treoirlínte Náisiúnta Rialtais, Réigiúnacha agus de chuid an AE
- Forbairtí i dTeicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide
- Saoráil Faisnéise
- Dálaí Aeráide
- Éilimh ar Fhuinneamh
- Sáráiseanna Oideachasúla
- Inbhuanaitheacht
- Srianata ar líon na Foirne
- Fachtóirí Déimeagrafacha & Socheacnamaíoch
- Méid agus Tosca Imeachach
- Teorainneacha Dlí/Reachtúla
- Ionchais na Saoránach
- Riachtanas a bhaineann le rochtain uilíoch ar sheirbhísí
- Láithreach Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe – Maigh Eo agus institiúidí eile breisoideachais i gContae Mhaigh Eo

COMHSHAOL INMHEÁNACH

- Fáil ar Dhóthain Acmhainní
- Córas bunaithe sa cheantar feabhsaithe
- Fáil ar phearsanra oilte
- Easpa acmhainní ar fáil
- Infreastruchtúr Fisiciúil agus Theicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide atá ann
- Struchtúir Nua Rannpháirtíochas cosúil le Comhpháirtíocht, Bord Forbartha Contae, Coistí um Beartas Straitéiseach agus Grúpa um Beartas Corparáideach.
- Léiritheoirí Seirbhíse
- Eagraíochtaí Earnála agus Fóram Pobail
- Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta
- Córas nua Acmhainní Daonna agus Párolla
- Ceisteanna a bhaineann le Caidreamh Foirne
- Teacht ar Chóiríocht Oifige iomchuí
- Srianata ar Líon na Foirne
- Daonlathas Ionadaíoch agus Rannpháirtíoch

AGUISÍN II

COMHALTAÍ ÚDARÁIS ÁITIÚLA MHAIGH E

TOGHLIMISTÉAR ÁITIÚIL: BÉAL ÁTHA AN FHEADHA



**Cllr. Gerry Ginty
(NP)**



**Cllr. Michelle Mulherin
(FG)**



**Cllr. Jarlath Munnely
(FG)**



**Cllr. Annie May Reape
(FF)**



**Cllr. Eddie Staunton
(FG)**



**Cllr. Seamus Weir
(FG)**

TOGHLIMISTÉAR ÁITIÚIL: CAISLEÁN AN BHARRAIGH



**Cllr. Cyril Burke
(FG)**



**Cllr. Frank Durcan
(NP)**



**Cllr. Blackie K. Gavin
(FF)**



**Cllr. Henry Kenny
(FG)**



**Cllr. Michael Kilcoyne
(NP)**



**Cllr. Eugene McCormack
(FG)**



**Cllr. Al McDonnell
(FF)**

TOGHLIMISTÉAR ÁITIÚIL: CLÁR CHLAINNE MHUIRIS



Cllr. Michael Burke
(FG)



Cllr. Tom Connolly
(FG)



Cllr. John Cribbin
(FG)



Cllr. Richard Finn
(NP)



Cllr. Patsy O'Brien
(FG)



Cllr. Damien Ryan
(FF)

TOGHLIMISTÉAR ÁITIÚIL: BÉAL AN MHUIRHEAD



Cllr. Rose Conway-Walsh
(SF)



Cllr. Gerry Coyle
(FG)



Cllr. Michael Holmes
(NP)



Cllr. Micheál McNamara
(FF)

TOGHLIMISTÉAR ÁITIÚIL: BÉAL ÁTHA NA MUICE



Cllr. Eugene Lavin
(FG)



Cllr. Jimmy Maloney
(FF)



Cllr. Joe Mellett
(FG)



Cllr. Gerry Murray
(SF)

TOGHLIMISTÉAR ÁITIÚIL: CATHAIR NA MART



**Cllr. Margaret Adams
(FF)**



**Cllr. Peter Flynn
(FG)**




**Cllr. Austin F. O'Malley
(FG)**




**Cllr. John O'Malley
(FG)**

AGUISÍN III



AGUISÍN IV

STRUCHTÚR NA FOIRNE



AGUISÍN V

Liosta na bPleananna Reatha Oibríochta

1. Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2008 - 2014
2. Plean Forbartha Chomharsanachtaí Chathair na Mart 2008 - 2014
3. Plean Forbartha Chaisleán an Bharraigh & Comharsanachtaí 2008 - 2014
4. Plean Baile Bhéal an Átha & Comharsanachtaí 2009 - 2015
5. Plean Forbartha Chnoc Mhuire 1977
6. Plean Forbartha na Mala Raithní 1988
7. Plean Limistéar Áitiúil Chlár Chlainne Mhuiris 2006
8. Plean Forbartha Bhéal Átha na Muice 2009 - 2015
9. Plean Baile Bhaile an Róba 1997
10. Plean Forbartha Baile Chlár Chlainne Mhuiris
11. Plean Baile Bhéal Átha hAmhnais 1984
12. Plean Forbartha Bhaile Chathail 1988
13. Straitéis Miondíola i bPlean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2008 - 2014
14. Straitéis Tithíochta i bPlean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2008 - 2014
15. Measúnú Tréithe Tírdhreacha i bPlean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2008-2014
16. Taifead ar Struchtúir atá faoi Chosaint i bPlean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2008 - 2014
17. Treoirínte Dearaidh i bPlean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2008 - 2014
18. Fuinneamh Gaoithe i bPlean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2008 - 2014
19. Scéim do Ranníocaíocht Forbartha Chomhairle Contae Mhaigh Eo 2004
20. Scéim do Ranníocaíocht Breise Chomhairle Contae Mhaigh Eo 2009
21. Plean Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo 2006 - 2011
22. Ráitis Dearaidh sna Bailte, Cluain Cearbáin agus Baile na Cora
23. Plean Lóistín Taistealaí
24. Plean Tithíochta Cúig Bliana
25. Le Chéile le Neart, Straitéis Inmheánach 10 mBliana maidir le Forbairt Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúrtha Bhord Forbartha Contae Mhaigh Eo 2002 - 2012
26. Athbhreithniú 2005 - 2008 & Plean um Fheidhmiú 2009 - 2012, Bord Forbartha Contae Mhaigh Eo
27. Plean Straitéiseach Coiste Cúram Leanaí Mhaigh Eo 2007 - 2010
28. Plean Straitéiseach Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo 2006 - 2009
29. Pleananna d'Fhorbairt Siúil i gContae Mhaigh Eo - Comhpháirtíocht Siúil Mhaigh Eo
30. Beartas Áineasa & Súgartha Mhaigh Eo - Bord Forbartha Contae Mhaigh Eo 2009
31. Gníomhú ar Phlean Bainistíochta Dramhaíola ar Phlean Feidhmithe Dramhaíola ag Obair 2007
32. Plean Bainistíochta Dramhaíola Chonnacht 2006 - 2011
33. Plean Bainistíochta Bruscair
34. Dréachtphlean Bainistíochta Abhantraí

35. Íoschritéir Mholta do *Phlean* Iniúchtaí Comhshaoil
36. An Todhchaí a Thuar: Clár Forbartha Leabharlaine Chontae Mhaigh Eo 2006 - 2010
37. Plean Móréigeandála Chomhairle Contae Mhaigh Eo
38. Plean Oibríochtaí i gcás Dóiteáin nó Éigeandála
39. Fan san Airdeall, Fan Beo (Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre Mhaigh Eo 2007 - 2012)
40. Measúnú ar Chéanna, Calafóirt agus Calaí i gContae Mhaigh Eo
41. Scéim Oibreacha Bóthair Bliantúil
42. Plean Straitéiseach Uisce Tuaithe 2001
43. Measúnú ar Riachtanais maidir le Clár Infheistíochta Seirbhísí Uisce 2009 - 2011
44. Plean Gníomhaíochta Tithíochta Mhaigh Eo 2005
45. Clár Cóiríochta Taistealaí Mhaigh Eo 2009 - 2013
46. Straitéis Tithíochta Mhaigh Eo 2008
47. Scéim Mhaigh Eo maidir le Tosaíochtaí Ligin
48. Scéim Teanga Údaráis Áitiúla Mhaigh Eo 2006-2009